

An Cat sa Hata

Leagan de scéal Dr Seuss

Le Gaelscoil Ultain

(focail le Anna Marie Ní Chléire agus Niamh
Nic Aonghusa)

Foireann

Cat

Iasc

Mamaí

Páistí

Radharc 1

Páistí:

Bhí muid sa bhaile
Sa bhaile linn féin
Ag féachaint amach 'is
ag fanacht ar an ngrian.

Bhi Mamaí as baile
Ní raibh aon rud le déanamh
's ár bpeata beag féin
ag tabhairt dúinn aire.

Bhí muid brónach
's bhí muid bréan
lá fada sa teach
ó mo léan.

Ní raibh muid in ann ach
suí, suí, suí
agus níor thaitin sin linn
ar chor ar bith!

Ach ansin chuala muid trup
A chuir eagla orainn...orthu
Bhí duine ag teacht isteach
gan aon chuireadh!

O mo Dhia! Cé hé sin!

O déan deifir, faigh an bata

Ní chreidim a leithéid

Sin cat mór le HATA!

Cat mór le hata! Cat mór le hata!

An bhfuil muid ag féachaint ar cat mór le hata?

Amhrán 1:

Is Mise an Cat

Iasc:

A pháistí, éist liom anois

Abair leis nár mhaith libh súgradh leis.

cur an cat amach an doras

Níl cead é a bheith anseo

agus Mamaí ar turas!

Imigh leat

fág muid linn féin

lean leat

téigh abhaile ar an traein!

Amhrán 2:

Ó a Dhia

Iasc:

Ní maith liom é seo

An spórt is scléip!

Nuair a thiocfaidh Mamaí ar ais

Cloisfidh tú í ag béiceadh.

Imigh leat! Imigh leat! Imigh leat!

Cat:

Ach is maith liomsa anseo
Is maith liom é go mór
Anois suigh ar do thóin
Agus deán súgradh leis an bhfón
mar níl fonn orm imeacht,
Ní dhearna mé faic!
Tá cluiche eile agam anois
Más maith libh mo chraic!

Amhrán 3:

Tonight's Gonna Be

Cat:

A pháistí cá bhfuil an fuinneamh
Nár mhaith libh bheith ag spraoi a thuilleadh?
Tá beirt cairde agam, mo chairde go deo
Cuirigí fáilte mór rompu
RUD A HAON IS RUD A DÓ!

Amhrán 4:

Kids in America

Páistí:

Is maith iad na rudaí seo
ní deir siad faic
Ach is breá leo an súgradh
is breá leo an craic.

Cat:

Tá na rudaí seo cairdiúil
tá na rudaí seo deas
Beidh spórt ag na rudaí seo
Le gach saghas cleas.

Iasc:

Fág slán leo anois
Beidh Mamaí ar buile
Ach nach breá é an spórt
Agus an bháisteach ag sileadh
Abair leo imeacht
BEIDH MAMAÍ AG PILLEADH
Ach nach breá é an spórt
Agus an bháisteach ag sileadh.

Ní maith liom rud a dó
ná a dheartháir rud a haon
Ní ceart dóibh a bheith sa teach
Nuair atáimid linn féin.

Agus féach cad a rinne siad
Nuair a d'imigh Mamaí amach
A pháistí, ó éistigí liom
Cur ar shiúl iad as an teach!

Curfá ón Iasc:

Níl mise ag tnúth
Le Mamaí pilleadh inniu

Páistí: Faigh réidh leis na Rudaí!

Cat: Níor thaitin na rudaí seo libh ochón
Bhuel, fágfaidh muid an teach seo anois le brón
Tá an ceart ag an iasc, éist le do pheata
Níl maitheas ar bith sa chat seo sa hata.

Iasc: Hurá! tá an cat ar shiúl hurá!
Ach tá Mamaí ag teacht agus
Ní bheidh sibh réidh.

Páistí: Tá an áit bun os cionn
Cad a déarfadh Mamaí linn
Tá an spórt anois thart
Ach an féidir an áit a chur i gceart?

Amhrán 5: **Amhrán brónach - Trioblóid**

Iasc: Ó mo Dhia! Ó mo Dhia!
Tá do Mhamáí ag pilleadh
Glan suas go gasta nó beidh sí ar buile!

Cat: Hé hó is mise an cat...

Paisti: Nó nó nó!

Cat: Tá an cat sa hata ar ais! Hurá!
Tá an cat ar ais

Ach tóg go bog é
Beidh an áit réidh
Tá inneall agam,
Inneall draíochta
Glanfar an áit seo
Nach bhfuil sibh buíoch domh?

Glanadh suas

Páistí:

Ó tá an teach néata
Ó tá an teach glan
Ó tá an teach níos fearr
ná nuair a bhí Mamaí ann!

Mamaí:

Táim sa bhaile a pháistí,
an raibh gach rud i gceart?
An raibh sibh go maith?
An raibh duine ar bith thart?

Tá an áit iontach néata
Ach inis dom go cruinn
Cén áit a bhfuair sibh
An hata mór sin?